

**Teachtaireacht ó Irina Bokova,  
Ard-Stiúrthóir UNESCO  
ar ócáid an 96ú Comhdháil Dhomhanda Esperanto,  
Cóbanhávan, 23 Iúil 2011**

Tá an-áthas orm mo bheannachtaí a chur chuig a bhfuil i láthair ag 96ú Comhdháil Dhomhanda Esperanto.

Agus sibh ag díriú ar “chomhphlé agus ar chomhthuiscint”, an téama a roghnaíodh do Bhliain reatha na hÓige ag na NA, tá sibh ag tacú le hidéalacha na síochána, na saoirse, an dul chun cinn agus na dlúthpháirtíochta a chothú, idéalacha is gá chun cumhacht a thabhairt don óige, is chun Cuspóirí Forbraíochta na Mílaoise a bhaint amach.

Is ionann na cuspóirí uaisle sin agus cuspóirí UNESCO, a bhfuil a chuid Ballstát “tiomnaithe chun meáin na cumarsáide idir a bpobail a fhorbairt agus a mhéadú, d'fhonn na comhthuisceana agus chun teacht ar eolas níos fíre agus níos foirfe faoi shaol a chéile”, mar a deir ár mBunreacht. Is de dhlúth agus d'inneach an chomhphlé, na caoinfhulaingthe, na tuisceana agus an mheasa idir phobail, ghrúpaí sóisialta agus ghlúnta iad na teangacha. Gné ar leith de shaol an duine a chumhdaíonn raon iomlán na mothúchán, na dtuairimí agus na luachanna daonna is ea iad.

Breis is céad blian ó shin a bunaíodh gluaiseacht Esperanto, agus chuir sí gan sos gan staonadh ar son an chomhionannais idir theangacha, chultúir agus phobail an domhain sa tréimhse sin. Is amhlaidh do UNESCO, atá suite de gur gá an t-ilteangachas chun éagsúlacht iontach an chine dhaonna a chaomhnú, go háirithe anois agus an domhandú ag síorleathnú. Thairis sin, mar dhlúthchuid dár bhféiniúlachtaí, tá glacadh forleathan leis an ilteangachas anois mar thoisc straitéiseach ar son na síochána agus na forbartha inbhuanaithe.

Dá bhrí sin, is mór ag UNESCO olliarachtaí lucht Esperanto ar fud an domhain le blianta fada anuas. Sa chomhthéacs sin, déanann 96ú Comhdháil Dhomhanda Esperanto a cion go luachmhar sa chomhrac chun an éagsúlacht teanga agus an chomhthuiscint a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Chuig Gluaiseacht Dhomhanda Esperanto agus chuig a bhfuil i láthair ag 96ú Comhdháil Dhomhanda seo Esperanto, ba mhaith liom mo mhian a chur in iúl go mbeidh plé torthúil spreagúil agaibh.

Irina Bokova

Gaeilge : [Dr. Seán Ó RIAIN - An Coimisiún Eorpach](#)

[Message from Irina Bokova, Director-General of UNESCO, on the occasion of the 96th World Esperanto Congress, Copenhagen, 23 July 2011](#)